Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €9.16 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

***Aistriú Feidhmeanna***

Aistríodh freagracht i leith gnóthaí diaspóra chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála nuair a cheap an Rialtas (de réir na nAchtanna Airí agus Rúnaithe) Aire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar a bhfuil freagracht ar leith don diaspóra agus d'fhorbairt idirnáisiúnta ar 20 Iúil 2017.

## Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Sheirbhísí comhroinnte***

Déantar idirbhearta airgeadais a phróiseáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSS) i gCill Airne, ar cuid é den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais comhlíonta agam i ndáil le soláthar na seirbhíse comhroinnte seo.

Cuirtear feidhmeanna Párolla agus Acmhainní Daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ón Oifig Náisiúnta un Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). An tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 atá freagrach maidir le rialaithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a fheidhmiú.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte d'fhonn dearbhú neamhspleách a thabhairt maidir le feidhmiú na rialaithe laistigh de Sheirbhísí Comhroinnte. Gnólachtaí cuntasaíochta atá ag tabhairt faoi na hiniúchtaí de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta i ndáil le Dearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402), dearbhuithe atá leagtha amach chun tuairisciú do ranna agus dá n-iniúchóirí maidir leis na rialaithe atá i bhfeidhm laistigh de Sheirbhísí Comhroinnte.

Mar chuid de na hiniúchtaí tugtar faoi mheasúnú ullmhachta d'fhonn rioscaí agus rialaithe bainteacha a aithint agus anailís bhearna a chur ar fáil agus ina dhiaidh sin tuairisc ar leagan amach rialaithe chom mhaith le tuarascáil bhliantúil ar cibé ar oibrigh na rialaithe go héifeachtach.

Tá litreacha curtha ar fáil ag Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte agus ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an bpróiseas dearbhaithe agus beidh torthaí na n-iniúchtaí i dtaobh leagan amach rialaithe, rialaithe atá i bhfeidhm agus feidhmiú na rialaithe le tuairisciú chugamsa mar a leagtar amach sna litreacha sin.

Tá muinín agam sa chóras rialaithe atá i bhfeidhm laistigh de Sheirbhísí Comhroinnte agus den Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais mar a thuairisc Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte agus Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi seach dom iad.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánach airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthaimh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

***Soláthar Poiblí***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte iomchuí a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás ceithre chonartha de luach €698,754 atá liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Tháinig an conradh is mó, de luach €412,206, faoi réir próiseas tairisceana oscailte roimhe seo agus tá síneadh curtha leis. Baineann sé le cothabháil, tacaíocht agus caiteachas ceadúnaithe ar shainchóras eCabinet d'úsáideoirí ar fud na Ranna, chomh maith le caiteachas ar uasghrádú riachtanach ar an gcóras. Rinneadh conradh eile, de luach €115,157, a dhámhadh gan tairiscint iomaíoch. Tugadh áfach faoi anailís costais is tairbhe lena chinntiú go raibh luach maith ar airgead ar an gconradh a beartaíodh a dhámhadh. Áirítear dhá chonradh luach €107,993 in éineacht mar gur tugadh ar aghaidh iad ó bhliain roimhe sin, agus ceann acu faoi réir iarraidh ar thairiscintí sa bhliain 2017.

Baineann conradh amháin, de luach €36,861, le seirbhísí TFC a cuireadh ar fáil chun tacú le Coimisiún Imscrúdúcháin an IBRC atá go hiomlán neamhspleách ar Roinn an Taoisigh. Baineann an conradh deiridh, de luach €26,537, le bogearraí a chuir ar fáil do Bhinse Fiosraithe Moriarty.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tá bainistíocht riosca ar cheann de na buan-nithe ar chlár Choiste Iniúchta na Roinne.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais**

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

28 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Roinn an Taoisigh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2018

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| *A* | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 37,850 | 28,345 | 23,348 |
| | **Ollchaiteachas** | **37,850** | **28,345** | **23,348** |
| | Lúide | | | |
| *B* | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **833** | **757** | **763** |
| | **Glanchaiteachas** | **36,747** | **27,588** | **22,585** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **9,158,594** | **6,764,586** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

28 Márta 2018

# Nótaí maidir leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas clár | | 13,022 | 8,299 |
| Pá | | 12,487 | 11,866 |
| Neamhphá | | 2,836 | 3,183 |
| **Ollchaiteachas** | | **28,345** | **23,348** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **757** | **763** |
| **Glanchaiteachas** | | **27,588** | **22,585** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (342) | | |
| Dímheas | 111 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 17 | | |
| | | (214) | (108) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 287 | | |
| Laghdú ar stoc | (7) | | |
| | | 280 | (228) |
| **Caiteachas díreach** | | **27,654** | **22,249** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta1.1) | | 4,561 | 4,269 |
| Measchíosanna | | 1,395 | 1,395 |
| **Glanchostas clár** | | **33,610** | **27,913** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an méid glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 8 | 8 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 2,709 | 2,522 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,099 | 933 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta un Seirbhísí Comhroinnte | m | 25 | 21 |
| Vóta 20 Garda Síochána | m | 201 | 186 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | m | 51 | 57 |
| Vóta 36 Cosaint | m | 91 | 72 |
| Ciste Lárnach: Pinsin Taoisigh agus Aire | m | 377 | 470 |
| | | **4,561** | **4,269** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **669** | **450** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 513 | 1,215 |
| Stoic | 2.4 | 107 | 100 |
| Réamhíocaíochtaí | | 282 | 404 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 29 | 100 |
| Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 50 | (651) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **981** | **1,168** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 332 | 162 |
| Iarmhéideanna creidmheasa | 2.6 | 592 | 664 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **924** | **826** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **57** | **342** |
| **Glansócmhainní** | | **726** | **792** |
| **Arna léiriú sa:** | | | |
| **Cuntas maoiniú an Stáit** | 2.1 | **726** | **792** |

### 2.1 Cuntas maoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 792 | 456 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 36,747 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (9,159) | | |
| Glan vóta | | | 27,588 | 22,585 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 4,561 | 4,269 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 1,395 | 1,395 |
| Glanchostas clár | 1 | | (33,610) | (27,913) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **726** | **792** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh IT agus Oifig | Troscán agus feistis | Sócmhainní Caipitil á bhForbairt[a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luach ag 1 Eanáir 2017 | 2,289 | 587 | 164 | 3,040 |
| Breiseanna | 148 | 35 | 164 | 347 |
| Diúscairtí | (321) | (7) | __ | (328) |
| Costas nó luach ag 31 Nollaig 2017 | 2,116 | 615 | 328 | 3,059 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid oscailte ag 1 Eanáir 2017 | 2,068 | 522 | __ | 2,590 |
| Dímheas don bhliain | 95 | 16 | __ | 111 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (304) | (7) | __ | (311) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | 1,859 | 531 | __ | 2,390 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **257** | **84** | **328** | **669** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 221 | 65 | 164 | 450 |

[a] Cumasaíonn agus tacaíonn an córas eCabinet leis na próisis riaracháin a bhaineann le gnó Rialtais a ullmhú agus a sheoladh agus le cinntí Rialtais a scaipeadh. Tá breis is 3,000 duine ag úsáid an chórais ar fud na ranna rialtais. Tá uasghrádú mór ar bun ar an gcóras le hinmharthanacht an chórais a chinntiú.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 505 | 1,183 |
| Cuntas bhainc thráchtála | 8 | 32 |
| | **513** | **1,215** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bronntanais | 10 | 13 |
| Stáiseanóireacht | 48 | 41 |
| Foilseacháin | 42 | 41 |
| Ábhar iInchaite, srl. | 7 | 5 |
| | **107** | **100** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil | 23 | 80 |
| Eile | 6 | 20 |
| | **29** | **100** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 246 | 310 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 96 | 110 |
| Cáin Bhreisluacha | 50 | 59 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 98 | 53 |
| | 490 | 532 |
| Asbhaintí den phárolla a coimeádadh ar fionraí | 80 | 99 |
| Eile | 22 | 33 |
| | **592** | **664** |

## 2.7 Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 9,159 | 6,764 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (9,209) | (6,113) |
| **Maoiniú glanchiste ón Státchiste atá dlite** | **(50)** | **651** |
| **Arna léiriú i:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 513 | 1,215 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 29 | 100 |
| | 542 | 1,315 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (490) | (532) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (102) | (132) |
| | (592) | (664) |
| | **(50)** | **651** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 14 | 22 |
| Tionscadail chaipitil | 164 | 327 |
| **Iomlán na gleangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí** | **178** | **349** |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

## Anailís ar Chaiteachas Riaracháin

Léirítear sa nóta thíos anailís ar chostais riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna a bhí le haon athruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 13,926 | 12,487 | 11,866 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 615 | 618 | 473 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,505 | 555 | 937 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 274 | 252 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,160 | 1,041 | 1,241 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 316 | 348 | 280 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 18 | — | — |
| | | **17,900** | **15,323** | **15,049** |

**Athruithe suntasacha**

iii *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €1.5 milliún, toradh: €0.6 million

Níor caitheadh an oiread is a bhí súil leis ar imeachtaí Stáit agus is mar thoradh air sin a bhí tearc-chaitheamh €0.9 milliún sa chaiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt agus ar chostais theagmhasacha. Fritháiríodh an t-airgead a sábháladh faoin bhfo-cheannteideal seo in aghaidh caiteachas a tabhaíodh faoi dhá fho-cheannteideal eile; fo-cheannteideal ii taisteal agus cothabháil agus fo-cheannteideal vi costais áitreabh oifige.

## Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 13,926 | 12,487 | 11,866 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 3,974 | 2,836 | 3,184 |
| A.3 | An Chomhairle um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta | 2,008 | 1,889 | 1,822 |
| A.4 | Binse Fiosraithe | 10,000 | 6,552 | 1,086 |
| A.5 | Coimisiún Imscrúdaithe | 4,763 | 2,403 | 2,489 |
| A.6 | Cosaint Sonraí | 503 | 378 | 248 |
| A.7 | Gnóthaí Diaspóra | 500 | 266 | 825 |
| A.8 | Tionól na Saoránach | 1,906 | 1,535 | — |
| | Rannpháirtíocht an AE | — | — | 276 |
| | Pearsanra Éireannach in institiúidí an AE agus idirnáisiúnta | — | — | 1,553 |
| | | **37,580** | **28,346** | **23,349** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí caiteachas Chláir A €9.2 milliún níos mó ná a solathraíodh. Bhain €0.9 milliún de seo le caiteachas theagmhasacha a mhíníodh cheana agus bhain an t-iarmhéid de €8.3 milliún leo seo a leanas:

A.1 *Riarachán - pá*

Soláthar mheastacháin: €13.9 milliún, toradh: €12.5 milliún

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar fholúntais a líonadh i roinnt grád de bharr nach raibh painéil ar fáil nó riachtanais grinnfhiosrúcháin slándála a bhí an tearc-chaitheamh €1.4 milliún ar thuarastal, pá agus liúntais sa bhliain 2017.

A.3 *An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta*

Soláthar mheastacháin: €2 milliún, toradh: €1.9 milliún

Bhain an t-athrú sa bhliain 2017 de chuid is mó le post nár líonadh agus an difear ina dhiaidh sin le laghdú ar phátrún oibre fostaí eile.

A.4 *Binsí Fiosraithe*

Soláthar mheastacháin: €10 milliún, toradh: €6.5 milliún

Ba mar thoradh ar roinnt éileamh ar chostais dlí a socraíodh sa bhliain 2017 a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis a bhí an t-athrú €3.5 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Níl aon smacht ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí a dhámhann Binsí Fiosraithe agus tá sé dodhéanta an tráth a socraítear costais tríú páirtí a thuar ná an leibhéal costais a bheidh dlite ag aon am ar leith.

A.5 *Coimisiúin Imscrúdúcháin*

Soláthar mheastacháin: €4.8 milliún, toradh: €2.4 milliún

Tá Coimisiúin Imscrúdúcháin neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus bíonn leibhéal caiteachais na gCoimisiún ag brath ar riachtanais agus cheanglais na n-imscrúdúchán ar dtús báire. Bhain an tearc-chaitheamh €2.4 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin le an deacracht a bhí ag an gCoimisiún leibhéal agus tráth caite a gcuid riachtanais caiteachas a thuar go cruinn – caiteachas a d'eascair ó chinntí costais tríú páirtí a bhronnadh san áireamh.

A.6 *Cosaint Sonraí*

Soláthar mheastacháin: €0.5 milliún, toradh: €0.38 milliún

Mar thoradh ar chostais foirne laghdaithe agus soláthar éifeachtach le linn na bliana 2017 bhí costais níos lú ná mar a bhí súil leis ag céim na meastachán agus leis sin a bhain an t-athrú

A.7 *Gnóthaí diaspóra*

Soláthar mheastacháin: €0.5 milliún, toradh: €0.26 milliún

Aistríodh an fhreagrach don fho-cheannteideal seo chuig DFAT, a d'fhorchúitigh costais ón Roinn seo le linn na bliana 2017.

A.8 *An Tionól Saoránach*

Soláthar mheastacháin: €1.9 milliún, toradh €1.5 milliún

Ullmhaíodh na chéad mheastacháin caiteachais bunaithe ar thaithí ar thionscadail den chineál céanna. Bhain an tearc-chaitheamh €0.4 milliún le cleachtais tairisceana agus soláthair éifeachtacha agus cúramacha le linn na bliana

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 58 | 49 | 47 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair na seirbhíse poiblí | 775 | 708 | 716 |
| | **Iomlán** | **833** | **757** | **763** |

# Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

## 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | **228** | **204** |

Áirítear san anailís thuas foireann neamh-rannach atá curtha faoi fho-cheannteidil eile.

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 13,123 | 14,074 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 414 | 47 |
| Liúntas i leith ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 297 | 401 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 387 | 351 |
| ÁSPC Fostóra | 908 | 957 |
| **Pá iomlán** | **15,129** | **15,830** |

Áirítear san anailís seo costais pá foirne ranna agus gníomhaireachta

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde 2017 | An íocaíocht aonair is airde 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 37 | 9 | 20,614 | 20,439 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 84 | 10 | 20,932 | 20,899 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 17 | 8 | 21,568 | 21,808 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh íocaíocht €29,681 (2016: €29,681) le hiar-fhostaí amháin i ndáil le sochair scoir chomhaontaithe.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba €19,886 iarmhéid na ró-íocaíochtaí amuigh ag deireadh na bliana agus a bhain le13 duine aonair (2016: €23,439 ab ea bunluach na gcásanna ró-íocaíochta a bhain le 9 duine aonair). Bhí pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2017 i leith €13,203 (10 duine aonair).

## 5.6 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí

Fuair naonúr fostaithe íocaíochtaí iomarcaíochta agus téarfa sa bhliain 2017 de luach carnach €79,500 i gcás iomarcaíochta agus €336,007 i leith íocaíochtaí téarfa.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coimisiúin agus fiosrúcháin

| Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta | Bliain an cheaptha | 2017 | 2016 | Caiteachas Iomlán go dtí deireadh 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Fiosraithe II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry) | 1997 | 6,552 | 1,086 | 61,294 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Fennelly) | 2014 | 499 | 1,289 | 3,522 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) | 2015 | 1,555 | 1,039 | 3,071 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) | 2017 | 350 | — | 350 |

Beidh íocaíochtaí eile ann a bhaineann leis an mBinse Fiosraithe (íocaíochtaí le Messrs Haughey agus Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an tráth seo.

Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin (Fennelly) chun nithe áirithe a bhain leis an nGarda Síochána agus daoine eile a imscrúdú. Rinneadh an Coimisiún a scor i mí Márta 2017. Níltear ag súil le haon chostais eile.

Baineann Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a sheol an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc.

Baineann Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) le punann Project Eagle a dhíol an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

## 6.2 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas suim €6,944 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le bronnadh ag an Taoiseach agus ag Airí Stáit nó le bronnadh thar a gceann in 2017 (2016: €3,203).

## 6.3 Costais eadrána agus réitigh

Ba NIL an caiteachas sa bhliain 2017 (2016  2 chás: €1,516).

## 6.4 Dliteanas teagmhasach

D'fhéadfadh slánaíocht a chur an Roinn ar fáil costais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi mhéid ná an tráth a dtarlóidh a leithéid.

## Aguisín A Cuntais do comhlachtaí faoi choimirce Roinn an Taoisigh

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| **Comhlacht/ ciste na rinne** | **Tréimhse Chuntasaíochta Dheiridh** | **Dáta an tuairisc iniúchta** | **Dáta faighte ag Aire/ Roinn** | **Dáta curtha i láthair an Oireachtais** |
|---|---|---|---|---|
| An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamíoch agus Shóisialach | 2016 | 14 Nollaig 2017 | 21 Nollaig 2017 | 31 Eanáir 2018 |